Déan & Ná Déan

Glan ✔

Salach ✘

Tirim ✔

Fliuch ✘

Scaoilte ✔

Pacáilte ✘

Do liosta athchúrsála!

www.MyWaste.ie

#MyWaste

Ireland's guide to waste
mywaste

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Cén fath a bhfuil liosta nua ann?

Díoltar ábhar in-athchúrsáilte ar nós páipéar agus cairtchlár, miotail agus plaisteach ar an margadh domhanda ach bíonn praghsanna agus éileamh na n-ábhar seo ag athrú go síoraí.

Bhíodh an tSín agus an India ag ceannach go leor ábhar in-athchúrsáilte ón Eoraip agus bhain siad úsáid as na hábhair sin i ndéantúsaíocht seachas amhábhar a úsc.

In 2017, leag na margaí amach caighdeáin i bhfad níos airde maidir le caighdeán an ábhair in-athchúrsáilte a nglacfar leis. Déantar gach burla d'ábhar a scrúdú agus má aimsítear oiread is mála plaisteach amháin i mburla buidéal plaisteach nó spuaicphaca i mburla cairtchláir, d'fhéadfaí diúltú don bhurla ar fad.

Chun go mbeidh Éire in ann a cuid ábhar in-athchúrsáilte a dhíol ní mór an méid de a mhilltear a laghdú.

Caithfidh gach teach a chinntiú nach gcuirtear nithe seachas na nithe atá ar an liosta athchúrsála sa bhosca athchúrsála agus is ceart na nithe sin a bheith glan, tirim agus scaoilte.

Glan, Tirim agus Scaoilte

Cén fáth a gcaithfidh nithe a bheith glan agus tirim?

Más rud é go raibh bia nó leacht sna nithe sin tráth, caithfear iad a rinseáil go mbeidh siad glan agus an t-uisce a chroitheadh astu sula gcuirtear sa bhosca athchúrsála iad. Truailleoidh bia agus leacht an t-ábhar atá sa bhosca athchúrsála. Ní féidir páipéar fliuch a athchúrsáil.

Cén fáth ar cheart na nithe sin a chur go scaoilte sa bhosca?

Déantar na nithe i do bhosca athchúrsála a shórtáil ina gcatagóirí éagsúla le haghaidh athchúrsála. Má tá nithe curtha isteach ina chéile agat, ní bheidh an meaisín in ann iad a shórtáil agus d'fhéadfadh sé tarlú go rachadh acmhainní luachmhara amú.